Gníomhaíochtaí ar *Symphonie Fantastique,* Gluaiseacht IV

Beidh cóip den scór do *Symphonie Fantastique* ag teastáil don ghníomhaíocht seo.

Má tá do scór féin agat, bain úsáid as sin. Mura bhfuil, seo nasc chuig ceann atá marcáilte i mBéarla: Marche au Supplice

Gníomhaíocht 1 – Uirlisí a úsáidtear i nGluaiseacht IV

Déan staidéar ar an tábla thíos. Déan nóta de na giorrúcháin a úsáidtear do na huirlisí.

Féach ar na físeáin do na huirlisí seo a leanas: coirnéad, ofaicléid, dord-druma agus tambúra.

Gaothuirlisí	
Flauto 1 & 2 (Fl.)	Feadóg mhór 1 agus 2
Oboe 1 & 2 (Ob.)	Óbó 1 agus 2
Clarinetto (C) 1 &2 (Cl.)	Clairinéad in C 1 agus 2
Fagotto 1- 4 (Fg.)	Basún 1, 2, 3 agus 4
Uirlisí Práis	
Corno (B ♭& E ♭)*(Cor.)	Corn 1, 2, 3 agus 4
Tromba (B ♭) (Tr.)	Trumpa 1 agus 2
Cornet á pistons (B ♭) (C. áp.) (Féach ar an bhfíseán ó 1:10)	Coirnéad 1 agus 1
Trombone (Alto & Tenor) (Tbn.)	Trombón 1, 2 agus 3
Ophicléide 1 &2 (Oph.)	Ofaicléid 1 agus 2
Cnaguirlisí	
Timpani (B ♭, F, G & G) (Timp.)	Timpani: B ♭, F, G G
Piatti (Ptti.)	Ciombail

Gran Cassa (G. C.)	Dord-druma
Tamburo (Tamb.)	Druma. De ghnáth sa saothar seo, úsáidtear sreangdhruma.
Téaduirlisí	
Violino (Vl.), Viola (Vla.), Violincello (Vc.) & Contrabasso (Cb.)	Veidhlín, Vióla, Dordveidhil agus Olldord

*Ná bí buartha faoi na huirlisí seo faoi láthair.

Ceisteanna bunaithe ar na físeáin

Líon isteach na focail atá in easnamh, nó roghnaigh an freagra ceart.

1. An fheidhm atá ag an ofaicléid ná na nótaí _____ a sheinm sna práis.
2. Níor baineadh úsáid as an ofaicléid níos mó i ndiaidh airgeadh an _____.
3. San fhíseán, cén tionlacan a seinneadh leis an sreangdhruma?

(a) tionlacan pianó (b) ní raibh aon tionlacan ann (c) Uirlisí práis agus cnaguirlisí

1. San fhíseán, cén tionlacan a seinneadh leis an dord-druma?

(a) tionlacan pianó (b) ní raibh aon tionlacan ann (c) uirlisí práis agus cnaguirlisí

1. San fhíseán, cén tionlacan a seinneadh leis an gcoirnéad?

(a) téaduirlisí (b) gan tionlacan (c) uirlisí práis agus cnaguirlisí

Uirlisí neamhghnácha i nGluaiseacht IV

Ofaicléid: Uirlis phráis luath

An Coirnéad An Trumpa

An Coirnéad: Uirlis phráis, cosúil le trumpa, ach níos giorra agus níos leithne. Seinneann an dá uirlis sin na nótaí céanna agus is beag difríocht atá san fhuaim eatarthu. Tá cuma níos faide agus níos tanaí ar an trumpa.

Ceisteanna ar scór-léamh

Q	Barra	Ceisteanna	Freagraí
1.	17	Cé na huirlisí a sheinneann minimí? Cé na nótaí a sheinneann siad?	
2.	23	Cé na huirlisí a thagann isteach chun seinm leis na dordveidhilí agus leis na holldoird sa bharra seo?	
3.	49	Cén uirlis a sheinneann camáin staccato sa bharra seo?	
4.	62	Cén uirlis a sheinneann camáin sa bharra seo?	
5.	77	Cén uirlis a sheinneann trí chroisín sa bharra seo?	
6.	78	Cé na huirlisí a sheinneann sa bharra seo?	
7.	84	Cé na huirlisí a sheinneann croisín ar an 4ú buille den bharra seo?	
8.	165 - 168	Cén uirlis a sheinneann aonréad sna barraí seo?	
9.	169	Cén teicníc a úsáideann na téaduirlisí sa bharra seo?	
10.	178	Déan cur síos ar a dtarlaíonn sa bharra seo.	

URLanna iomlána do na Naisc:

Scór: https://drive.google.com/file/d/11JE_r8a48_rJZLiUImaNZHFkppnkKiEI/view

An Coirnéad: https://youtu.be/7FzXVq2y53E

An Ofaicléid: https://youtu.be/Qt0W1Keaqtk

An Dord-druma: https://youtu.be/dN_EzmXbsu8

An Tambura: https://youtu.be/f47IejbWj3g